Coimisiún na Meán

# Plean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála 2024 - 2025

Dáta foilsithe:
13 Márta 2024

**Plean Ceadúnaithe Raidió Tráchtála Choimisiún na Meán 2024 - 2025**

Ceanglaítear ar Choimisiún na Meán ("an Coimisiún"), mar an comhlacht atá freagrach as cúrsaí craolacháin agus meáin eile in Éirinn a rialáil, faoin Acht Craolacháin 2009 arna leasú chun straitéis a ullmhú le haghaidh seirbhísí craolacháin a sholáthar in Éirinn. I *Straitéis um Seirbhísí Craolacháin* an Choimisiúin, tugtar breac-chuntas ar an gcur chuige atá aige i leith ceadúnú seirbhísí craolacháin sa Stát (chomh maith leis na seirbhísí a chuireann RTÉ agus TG4 ar fáil) agus tugtar breac-chuntas ar fhís an Choimisiúin maidir le meascán barrmhaith seirbhísí.

De bhun a oibleagáide reachtúla pleananna a chur ar fáil maidir le líon, cineál agus scóip conarthaí craolacháin a mholann sé a dhéanamh, cuireann an Coimisiún a phlean ceadúnaithe raidió tráchtála ar an mbanda FM ar fáil le haghaidh 2024.

Tá na seirbhísí raidió áitiúla agus réigiúnacha a áirítear leis an bplean sin liostaithe thíos.

| Réimse saincheadúnais | Cineál an Stáisiúin | Conraitheoir | Ainm an Stáisiúin | Dáta Éaga an Chonartha |
|---|---|---|---|---|
| Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath | Seirbhís áitiúil tiomanta ar cheol don aoisghrúpa 15-34 bliain d'aois | Bauer Audio Ireland Limited, acting as a general partner of Bauer Audio Ireland Limited LP | Spin 103.8 | 05/04/2025 |
| Contae Chill Chainnigh agus Contae Cheatharlach | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | CK Broadcasting Limited | KCLR 96 FM | 21/04/2025 |
| Contae Chiarraí | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Raidió Chiarraí Teoranta | Radio Kerry | 09/04/2025 |
| Réigiún an Oirdheiscirt - Cathair agus Contae Phort Láirge, Tiobraid Árann Theas, Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh agus Loch Garman | Seirbhís réigiúnach tiomanta ar cheol don aoisghrúpa 15 - 34 bliain d'aois | WKW FM Limited | Beat 102-103 | 30/03/2025 |
| Tuaisceart Dhún na nGall | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Donegal Highland Radio Limited | Highland Radio | 30/03/2025 |
| Contae Laoise, Contae Uíbh Fhaillí agus Contae na hIarmhí | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | Midlands Community Radio Services Limited | Midlands 103 | 30/03/2025 |
| Contae Shligigh, Liatroim Thuaidh agus Deisceart Dhún na nGall | Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | North-West Broadcasting Limited | Ocean FM | 30/03/2025 |
| Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath | Seirbhís áitiúil tiomanta ar cheol sainréimse | Star Broadcasting Limited | Sunshine 106.8 | 30/03/2025 |
| Cathair agus Contae Chorcaí | 1) Seirbhís áitiúil tiomanta ar cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois.[1] | County Media Limited | 1) Cork's 96 FM<br>2) C103 | 30/04/2025 |

[1] Tá an dá sheirbhís seo ag feidhmiú faoi chonradh aonair.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2) Seirbhís áitiúil i bhformáid leathan | | | |